CRO AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

# B78A

***Dáta tuairisceáin bhliantúil nua d'ainmniú - fochuideachtaí; Athrú ar Dheireadh na bliana airgeadais***

Alt 346(5) Acht na gCuideachtaí 2014

UImhir na Cuideachta

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

Stampa dáta faighte CRO & barcode

**Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí íniúcháin**

**Ainm na cuideachta**

*ina iomláine*
*nóta a haon*

☐ Tá Gnóthas Sealbhaíochta ag ainmniú leis seo, de bhun alt 346(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014, dáta tuairisceáin bhliantúil nua ionas go mbeidh sé i gcomhthráth lena fhoghnóthas

*nóta a dó*

☐ Tá Foghnóthas ag ainmniú leis seo, de bhun alt 346(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014, dáta tuairisceáin bhliantúil nua ionas go mbeidh sé i gcomhthráth lena ghnóthas sealbhaíochta

Faoi Alt 346(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014, beidh sé ina thoradh ar an athrú ar an Dáta Tuairisceáin Bhliantúil go mbeidh dáta tuairisceáin bhliantúil an ghnóthais sealbhaíochta agus an fhoghnóthais mar an gcéanna. *nóta a trí*

Is é an dáta tuairisceáin bhliantúil nua sin — Lá | Mí | Bliain

Ainm Cuideachta Eile

Uimhir Cuideachta Eile

**Deimhniú**

*nóta a ceathair*

Leis seo deimhním gur ceart iad na sonraí atá san fhoirm seo agus gur tugadh iad de réir na Nótaí ar Fhoirm B78a a Chomhlánú. Deimhním leis seo gur thug stiúrthóirí uile na cuideachta toiliú i leith an athraithe.

Síniú

Ainm *i gcinnlitreacha troma nó clóscríofa*

☐ Stiúrthóir ☐ Rúnaí *nóta a dó*

Dáta

**Mionsonraí an deontóra**

Duine lenar féidir fiosruithe a dhéanamh

Ainm

Seoladh

| | | |
|---|---|---|
| Uimhir teileafóin | | Uimhir faics |
| Ríomhphost | | Teagmhálaí |
| Uimhir/Malartán DX | | Uimhir thagartha |

## NÓTAÍ AR FHOIRM B78a A CHOMHLÁNÚ
**Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha**

***Ginearálta***

Sonraítear in Alt 346(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014 - Sa chás ina ndealraíonn sé don Chláraitheoir gurb inmhianaithe é dó chuideachta shealbhaíochta nó foghnóthas atá ag cuideachta sealbhaíochta síneadh a chur leis an dáta tuairisceáin bhliantúil atá aige nó aici ionas go mbeidh dáta tuairisceáin bhliantúil an fhoghnóthas mar an gcéanna leis an gceann atá ag an gcuideachta shealbhaíochta, féadfaidh an Cláraitheoir, ar iarratas stiúrthóirí na cuideachta nó an ghnóthais a bhfuil síneadh le cur leis an dáta tuairisceáin bhliantúil atá aige nó aici, nó le toilliú na stiúrthóirí sin, a ordú go gceadófaí síneadh i gcás na cuideachta nó an ghnóthais sin. (mar threoir amháin - aistriúchán neamhoifigiúil).

Is amhlaidh atá ionas gur féidir le Dátaí Tuairisceáin Bhliantúil an ghnóthais sealbhaíochta agus an fhoghnóthais a bheith mar an gcéanna. Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i gceart, ina hiomláine agus de réir na nótaí seo a leanas. Ní mór gach mír den fhoirm a chomhlánú.

***nóta a haon***

Má cheadaíonn an Cláraitheoir an síneadh a ndearnadh iarratas ina leith, beidh Dáta Tuairisceáin Bhliantúil na cuideachta as sin amach ar chothrom lae an Dáta Tuairisceáin Bhliantúil nua.

***nóta a dó***

Cuir tic sa bhosca ábhartha.

***nóta a trí***

D'fhéadfadh sé nach nglacfaidh Cláraitheoir na gCuideachtaí le foirm B78a
(i) dá bhfágfadh an fógra go mbeadh an bhliain airgeadais níos faide ná 18 mí,
(ii) sa chás ina bhfuil an Dáta Tuairisceáin Bhliantúil don bhliain sin imithe tharainn
(iii) dá bhfágfadh an t-athrú go mbeadh bearna sna tréimhsí arna gclúdach ag ráitis airgeadais na cuideachta
(iv) dá bhfágfadh an t-athrú nach ndéanfadh an chuideachta tuairisceán bliantúil a chomhdú i mbliain ar bith.

***nóta a ceathair***

Ní mór an fhoirm a bheith sínithe ag stiúrthóir agus rúnaí de chuid na cuideachta atá ag déanamh iarratais ar shíneadh ar an dáta tuairisceáin bhliantúil. Agus an t-iarratas seo á dhéanamh acu, ní mór don stiúrthóir nó don rúnaí é a dheimhniú gur thug gach duine de stiúrthóirí na cuideachta a bhfuil síneadh le cur lena dáta tuairisceáin bhliantúil a dtoiliú don síneadh d'fhonn dáta tuairisceáin bhliantúil na cuideachta a ailíniú le dáta tuairisceáin bhliantúil ghnóthais sealbhaíochta nó foghnóthais.

## Tuilleadh faisnéise

***Seoladh CRO***

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig:

an Oifig um Chlarú Cuideachtaí
Bóthar Uí Bhriain
Ceatharlach

***Íocaíocht***

Má bhíonn tú ag íoc le seic, le hordú poist nó le dréacht bainc, íoc an táille leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le do thoil. Caithfidh seiceanna nó dréachtaí bainc a theacht ó bhanc i bPoblacht na hÉireann.

**Iarrtar ort na nótaí míniúcháin thuas a scrúdú go cúramach. Mura bhfuil Foirm B78a comhlánaithe mar is ceart, nó mura bhfuil na cáipéisí cearta nó an táille ceart ag dul léi, is féidir leis an CRO í a dhiúltú agus a chur ar ais chuig an láithreoir de bhun alt 898 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Mura n-ataisctear an cháipéis, ceartaithe mar is cuí, in CRO laistigh de 14 lá, measfar nár tugadh riamh í do CRO.**

**TÁ TUILLEADH FAISNÉISE FAOI FHOIRM B78a A CHOMHLÁNÚ, LENA N-ÁIRÍTEAR AN TÁILLE FORORDAITHE, AR FÁIL Ó WWW.CRO.IE NÓ TRÍ RÍOMHPHOST Ó INFO@CRO.IE**